RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/46 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Eanáir 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 a mhéid a bhaineann le teicneolaíocht atá tíosach ar fhuinneamh a shainaithint agus na heilimintí modheolaíochta a shonrú chun na ghnáthiarracht iascaireachta soithí iascaireachta a chinneadh.

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/1139 ceadaítear don Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe tacú le hionadú nó nuachóiriú príomh-innill nó innill choimhdigh de chuid soitheach iascaireachta nach faide ná 24 mhéadar a fhad foriomlán.

(2) Leis an tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1139, rannchuidítear leis an gcuspóir sonrach atá ann an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí CO_2 a laghdú trí na hinnill ar shoithí iascaireachta a ionadú nó a nuachóiriú, dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/1139.

(3) Déantar tagairt in Airteagal 18(5), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/1139 do theicneolaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de san inneall nua, is gá na teicneolaíochtaí sin atá tíosach ar fhuinneamh a chuireann le laghdú astaíochtaí CO_2 a shainaithint.

(4) Déantar foráil in Airteagal 18(5), an dara fomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/1139 go ndéanfaidh an Ballstát a thomhas go n-astaíonn an t-inneall nua 20 % níos lú CO_2 nó go n-úsáideann sé 20 % níos lú breosla ná an t-inneall atá á ionadú faoi ghnáthiarracht iascaireachta an tsoithigh lena mbaineann.

(5) Chun críoch tomhais ag an mBallstát, is gá a chinneadh céard ba cheart a mheas mar "ghnáthiarracht iascaireachta na soithí lena mbaineann", agus éagsúlacht mhór na soithí iascaireachta, a dteicnící iascaireachta, achair thaistil agus tosca ualaigh á gcur san áireamh, ar nithe iad a athraíonn le himeacht ama agus a bhfuil tionchar acu ar astaíochtaí CO_2 agus ar ídiú breosla.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste um an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Teicneolaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a úsáideann innill nua

Chun críocha Airteagal 18(5), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/1139, forléireofar innill nua ar shoithí iascaireachta mar teicneolaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de á n-úsáid acu i gcás ina:

(1) úsáidtear iontu:

(a) hidrigin

(b) amóinia

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 1.

(c) dóchán inmheánach

(d) breosla-chealla

(e) leictreachas

(f) meascán leictreachais agus dócháin inmheánaigh (hibrid)

(g) breosla-chealla hibrideacha

(2) tá siad cineálcheadaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

Airteagal 2

Gnáthiarracht iascaireachta soithí iascaireachta

Chun críocha Airteagal 18(5), an dara fomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/1139, déanfaidh na Ballstáit a gcinneadh a bhunú ar na heilimintí seo a leanas maidir le céard ba cheart a fhorléiriú mar ghnáthiarracht iascaireachta an tsoithigh iascaireachta a bhfuil iarratas ar thacaíocht déanta ina leith:

(1) saintréithe agus patrún iascaireachta an tsoithigh iascaireachta lena mbaineann;

(2) meán 10 dturas ionadaíocha iascaireachta a dhéanfar le linn na 3 bliana féilire roimh an iarratas ar thacaíocht; agus

(3) na teicnící iascaireachta a úsáidfear agus an t-am a chaithfidh an soitheach iascaireachta lena mbaineann ar muir le linn na dturas ionadaíoch iascaireachta.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([2]) Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus lena leasaítear, agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53).